Irish Copyright Licensing Agency

# Ceadúnas Oideachais Treoirlínte Úsáideora

ICLA 2023

Tá an doiciméad anseo mar threoir agus níl sé feiliúnach do na Téarmaí Ceadúnais féin. Má théann an dhá rud i gcoinne lena chéile, ba choir an ceadúnas teacht ar dtús.

## Réamhrá

Tá Ceadúnas ICLA ag do Scoil, ag ligint na mball foirne agus na mic léinn sleachta a chóipeáil agus a scanadh, agus foilseacháin dhigiteacha a chóipeáil, laistigh de theorainneacha atá soiléir, ó leabhair, iriseáin agus tréimhseacháin foilsithe in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, san Airgintín, san Astráil, san Ostair, sa Bheilg, i gCeanada (Québec san áireamh), sa Danmhairg, sa Fhionlann, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, sa Ghréig, in Hong Cong, san Íoslainn, san Iodáil, in Iamáice, sa tSeapáin, i Liechtenstéin, i Lucsamburg, i Meicsiceo, san Ísiltír, sa Nua-Shéalainn, san Iorua, i Singeapór, san Afraic Theas, sa Spáinn, san Eilvéis, sa Téaváin, sa Tobága, Oileán na Tríonóide agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

# An méid a chlúdaíonn an Ceadúnas

Ceadaíonn an Ceadúnas an chóipeáil digiteach a crothú de shleachta ó gach leabhar clóite, iriseán agus irisleabhar foilsithe in Éirinn agus na tíortha liosta thuas luaithe, seachas iad san atá le feiceáil ar an Liosta de Chatagóirí agus Saothair Eisiata. San áireamh freisin tá nuachtáin a fhoilsítear in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Ceadaíonn an Ceadúnas freisin an chóipeáil digiteach a crothú agus pictiúrí ón suíomh idirlíónn agus foinse eile le fail ar an t-idirlíon.

Tá gach ball foirne agus mac léinn ag an bhforas seo ceadúnaithe chun cóipeanna a dhéanamh and a fháil — má gcloíonn siad le téarmaí agus coinníollacha an cheadúnais agus gur leis an scoil/ an coláiste go dleathach an foilseachán atá á chóipeáil acu.

Ní féidir le haon chóipeáil dul thar 5% den imleabhar foilsithe nó den eagrán nó, má tá sé níos mó ná:

- caibidil iomlán amháin ó leabhar, nó
- alt amháin ó iriseán nó tréimhseachán nó nuachtán, nó
- gearrscéal nó dán nach sáraíonn 10 leathanach ar fhad ó dhuanaire
- nó a chomh-mhéid ó fhoilseachán digiteach atá eagraithe ar bhealach neamhthraidisiúnta.

Is dea-chleachtas é go n-aithnítear cóipeanna le sonraí faoin údar, teideal, foilsitheoir agus ISBN/ISSN nó URL ag bun gach leathanach ionas go mbíonn na foinse aitheanta, agus foghlaimíonn na daltaí an tábhacht a bhainean le saothar daoine eile a aithint.

Ní cheadaítear an chóipeáil chórasach nó leantach den ábhar céanna, a rachadh i gcoinne na teorainn thuas luaite — i rith aon chúrsa amháin de staidéar/modúl a bheadh ag sárú, srl: ag cóipeáil níos mó ná an teorainn thuas don rang céanna de mhic léinn; níl an ceadúnas ann in áit bunfhoilseacháin a cheannach ná síntiús a cheannach.

Ceadaítear cruthú de chóipeanna méadaithe, cóipeanna le cur ar chláir bhána idirghníomhacha agus ar scáileain ríomhairí scoile, agus i ranganna ar líne.

Is coinníoll den Cheadúnas é nach sáróidh líon na gcóipeanna clóite d'ábhar singil ábhar cóipchirt an líon a theastaíonn chun a chinntiú go mbíonn cóip amháin ag gach duine sa rang agus dhá cheann ag an múinteoir, agus ba chóir go bheith na cóipeanna digiteacha seo ach le fáil do na daoine bainteach sa rang ábhartha. Is féidir cóipeanna a dhéanamh do chruinnithe foirne agus bainisteoirí. Ansin caithfear na cóipeanna digiteacha a ghlanadh ag deireadh na scoilbhliana.

Ní gá cuntas leanúnach a choimeád ar chóipeáil de réir an cheadúnais. Féadfar go mbeadh do scoil a roghnú go randamach, áfach, chun a cóipeáil a logáil, ionas go mbeidh a fhios ag an ICLA cé na húdair, na maisitheoirí agus na foilsitheoirí ar cheart táillí ceadúnais a íoc leo. Beidh ICLA i dteagmháil leis an Scoil ar leithligh.

Ba cheart an Liosta Eisiata a bheith le feiceáil in aice cóipirí ábhartha uile sa Scoil/Choláiste. Tá an liosta iomlán inchuardaithe ar fáil ar ár suíomh gréasáin: www.icla.ie.

Ba chóir cead a lorg ó shealbhóir na gceart (foilsitheoir, údar nó ealaíontóir) ar gach ócáid chun cóipeáil a dhéanamh ar mhíreanna eisiata nó ábhair a sháraíonn na teorainneacha thuasluaite.

# Oibreacha eisiata ón gCeadúnas

Is féidir raon leathan d'fhoilseacháin chlóite agus dhigiteacha a chóipeáil faoi cheadúnais ICLA.

Áfach, tá an ceart ag údair agus foilsitheoirí gach saothar nó saothar roghnaithe a eisiamh ó cheann ar bith de cheadúnais ICLA nó ó gach ceann díobh.

## Catagóirí Eisiata

Níl aon cheann de na catagóirí saothair seo a leanas san áireamh sa sainmhíniú ar Ábhar Ceadúnaithe toisc nach bhfuil an ICLA in ann a n-úsáid a údarú. Mar sin ní féidir na hábhair seo a chóipeáil faoin gCeadúnas. Mar sin féin, is féidir saothair nach bhfuil clúdaithe ag an gceadúnas a chóipeáil faoin eisceacht ábhartha cóipchirt chun críocha oideachais.

- x **Foilseacháin an Rialtais —** Foilsítear Faisnéis na hEarnála Poiblí faoi cheadúnas CC-BY Creative Commons mura sonraítear a mhalairt.
- x **Mapaí agus cairteacha —** Oibreacha atá comhdhéanta go príomha de léarscáileanna/chairteacha. Ciallaíonn 'cairteacha' cairteacha atá cosúil le léarscáileanna, e.g. cairteacha farraige, cairteacha aimsire agus cairteacha hidreagrafacha. (Tá saghasanna eile cairteacha — m.sh. píchairteacha agus sreabhchairteacha — clúdaithe ag an gCeadúnas). Is féidir faisnéis faoi cheadúnú táirgí Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann a fháil ag www.osi.ie.
- x **Cártaí oibre clóite agus bileoga taisc —** Foilseacháin atá ceaptha do dhalta a scríobh orthu agus lena n-úsáid uair amháin.
- x **Ceol clóite —** Scóir cheoil, na focail san áireamh.
- x **'Litríocht liath' clóite —** Bileoga, tuarascálacha agus foilseacháin eile gan ISBN nó ISSN

Irish Copyright Licensing Agency

### 'Gach ceart ar cosaint' agus 'Ní cheadaítear cóipeáil faoi Cheadúnas ICLA'

Neamhnaíonn an ceadúnas an fógra cosc ar chóipeáil 'gach ceart ar cosaint' ar thosach gach ábhar cóipchirt, ach ba chóir cead a lorg ó fhoilsitheoir aonair gach ócáid chun cóipeáil a dhéanamh ar mhíreanna eisiata nó ábhair a sháraíonn na teorainneacha sonraithe.

Roinnt foilseachán ina bhfuil fógra a deir go sainráite nach féidir é a chóipeáil faoi cheadúnas ICLA. De ghnáth bheadh sé seo le feiceáil ag tosaigh foilseacháin in éineacht le hainm an fhoilsitheora agus an fógra cóipchirt ginearálta.

### Saothair atá eisiata ag foilsitheoirí Gaeilge

Ní chlúdaíonn an ceadúnas na saothair eisiata liosta anseo thíos ag foilsitheoirí na hÉireann:

- Páipéir scrúdaithe foilsithe ag Comhlacht Oideachais na hÉireann [An Teastas Sóisearach agus An Ardteistiméireacht]
- An Foras Taighde ar Oideachas – na hábhair Triail Dhroim Chonrach uile
- Higgins and Higgins Music – foilseacháin uile
- Music Avenue – foilseacháin uile
- Bord Oideachais de chuid Eaglais na hÉireann – foilseacháin uile seachas clár *Follow Me*
- *Technical Graphics* de chuid Denis O'Connor, foilsithe ag Comhlacht Oideachais na hÉireann
- Plus Publications – *Français Plus*
- ICS SKILLS – foilseacháin uile
- McKeon Murray (MKM) Business Training Services – foilseacháin uile
- Tara Publishing Limited – foilseacháin uile
- *The Irish Farmer's Handbook*

Maidir le saothair foilsithe sa Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Féach le do thoil ar an gcuardach saothar eisiata ar ár suíomh gréasáin www.icla.ie.

## Ag seiceáil an liosta Saothar Eisiata

Nuashonraíonn ICLA liosta na nOibreacha Eisiata ag tús gach bliana acadúla. Ba chóir go mbeadh sé de fhreagracht ar dhuine éigin i do scoil an liosta a sheiceáil le haghaidh athruithe ar bith ag an am sin, agus athruithe a chur in iúl do bhaill foirne eile, ach ní gá seiceáil a dhéanamh ar ócáid gach úsáid a bhaintear as saothar.

### Cad atá le déanamh má dhéantar saothar cóipeáilte as an áireamh le linn na bliana acadúla?

Má dhéantar saothar nach raibh eisiata roimhe seo a eisiamh le linn bliana acadúla, cuirfimid gach Ceadúnaithe ábhartha ar an t-eolas. Ba cheart aon chóipeanna digiteacha den obair sin a scriosadh laistigh de mhí amháin ón bhfógra sin a fháil. Áfach, má tá aon cheann de na cóipeanna digiteacha seo fós á n-úsáid do chúrsa tráth an fhógra, féadfar leanúint den úsáid go dtí deireadh na bliana acadúla.